AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT
AN BEARTAS RÉIGIÚNACH AGUS UIRBEACH
Buiséad, Cumarsáid agus Gnóthaí Ginearálta
**Cumarsáid**

# GLAO AR THOGRAÍ

## 2021CE160AT144

## Ullmhúchán agus cur chun feidhme cúrsa faoin Aontas Eorpach agus faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais d'institiúidí ardoideachais a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu

## Clár na nÁbhar

1. RÉAMHRA – CÚLRA ..... 3
2. CUSPÓIR(Í) – TÉAMA(Í) – TOSAÍOCHTAÍ ..... 3
3. CLÁR AMA ..... 5
4. AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL ..... 5
5. NA CEANGLAIS IONTRÁLA ..... 5
6. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA ..... 6
   6.1. Iarratasóirí incháilithe ..... 6
   6.2. Gníomhaíochtaí incháilithe ..... 6
   6.3. Tréimhse cur chun feidhme ..... 7
7. CRITÉIR EISIAIMH ..... 7
   7.1. Eisiamh ..... 7
   7.2. Bearta feabhais ..... 9
   7.3. Diúltú i gcás glao ar thograí ..... 9
   7.4. Doiciméid tacaíochta ..... 9
8. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN ..... 10
   8.1. Acmhainn airgeadais ..... 10
   8.2. Cumas oibríochtúil ..... 11
9. CRITÉIR DHÁMHACHTANA ..... 12
10. GEALLTANAIS DHLÍTHIÚLA ..... 13
11. FORÁLACHA AIRGEADAIS ..... 13
   11.1. Foirmeacha an deontais ..... 13
   11.2. Costais incháilithe ..... 14
   11.3. Costais neamh-incháilithe ..... 17
   11.4. Buiséad comhardaithe ..... 18
   11.5. Méid críochnaitheach an deontais a ríomh ..... 18
   11.6. Na socruithe tuairiscithe agus íocaíochta ..... 19
   11.7. Coinníollacha airgeadais eile ..... 20
12. POIBLÍOCHT ..... 22
   12.1. Ó na tairbhithe ..... 22
   12.2. Ón gCoimisiún ..... 22
13. SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL ..... 23
14. NÓS IMEACHTA UM THOGRAÍ A CHUR ISTEACH ..... 23

# 1. RÉAMHRA – CÚLRA

Is glao ar thograí é seo chun bearta faisnéise a chistiú de réir bhrí Rialachán na bhForálacha Coiteanna i gcomhair na tréimhse 2021-2027, ó leithreasuithe i mbuiséad 2021.

Bíonn tionchar ag clár oibre polaitiúil, cinntí, cláir agus sásraí cistiúcháin an Aontais ar shaol daoine ar mhór-roinn na hEorpa agus níos faide i gcéin. Is gá do shaoránaigh an Aontais, dá bhrí sin, rochtain a bheith acu ar fhaisnéis bheacht iontaofa chun tuiscint a fháil ar an bhfáth a ndéantar na cinntí seo agus an fáth a bhfuil na próisis seo i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, is féidir le saoránaigh eolasacha páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí poiblí agus a dtoil a chur in iúl trí phróisis pholaitiúla shaora chothroma. Chun é sin a bhaint amach, bíonn an tAontas ag brath ar obair na meán neamhspleách agus na n-iriseoirí.

Iriseoirí na hEorpa sa lá atá inniu ann, lena n-airítear iriseoirí óga atá fós faoi oiliúint don ghairm sin, is minic in easnamh orthu tuiscint dhomhain ar an Aontas agus buneolas ar an gcaoi a n-infheistíonn an tAontas ina chuid réigiún agus a chuid cathracha. Bheadh méadú ar an líon iriseoirí a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí an Aontais mar thoradh ar chúrsa faoin Aontas agus faoi Bheartas Comhtháthaithe atá dírithe ar mhic léinn iriseoireachta, agus chuirfí le tuairisciú eolasach ar bheartais agus ar thionscnaimh an Aontais ar bhonn níos forleithne, lena n-áirítear beartais agus tionscnaimh a chuirtear chun feidhme ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Bheadh sé ina chabhair chomh maith i dtaca le laghdú a dhéanamh ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis maidir leis an Aontas, rud a d'fhágfadh gurbh fhearr a bheadh iriseoirí i gcumas bréagnuacht a aithint agus a misean seiceála fíricí bunúsach a dhéanamh.

An tráth céanna, le beartas Comhtháthaithe, soláthraítear infheistíochtaí chun tacú le poist a chruthú, iomaíochas gnó, fás eacnamaíoch, forbairt inbhuanaithe, agus cáilíocht saoil na saoránach a fheabhsú ar fud 240 réigiún an Aontais. Dá bhrí sin, le cúrsa faoin Aontas, ba cheart díriú ar infheistíochtaí an Bheartais Comhtháthaithe ina léirítear go follasach agus go nithiúil tionchar an Aontais ar shaol laethúil na milliúin saoránach. Chuirfí feabhas ar thuiscint agus ar fheasacht na n-iriseoirí ar Bheartas Comhtháthaithe an Aontais agus an tionchar atá aige ar shaol na daoine trí chúrsa den sórt sin. Leis an gcúrsa, chuirfí freisin le hinfheictheacht Bheartas Comhtháthaithe an Aontais a mhéadú idir na daoine san Aontas, mar a d'iarr an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh arís agus arís eile.

# 2. CUSPÓIR(Í) – TÉAMA(Í) – TOSAÍOCHTAÍ

Is é is príomhaidhm don ghlao seo ar thograí tairiscint an Aontais maidir le hoiliúint bhunúsach chórasach a shocrú mar chuid den churaclam le haghaidh léann na hiriseoireachta. Tá tairbhithe ionchasacha á lorg ag an gCoimisiún Eorpach, tairbhithe a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

- Curaclam agus ábhair theagaisc a fhorbairt le haghaidh cúrsa faoin Aontas Eorpach agus faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais i gcomhair mac léinn iriseoireachta;
- Straitéis chur in úsáid a chur ar bun;
- Líonra institiúidí ardoideachais creidiúnaithe a chruthú d'institiúidí a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu sna Ballstáit (dhá ollscoil ar a laghad, an dá cheann ó Bhallstáit éagsúla), líonra a chuirfidh an cúrsa i bhfeidhm;
- An cúrsa a thabhairt do mhic léinn na hiriseoireachta mar chuid dá gcéim staidéir (sa seomra ranga nó ar líne).

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an ghlao seo ar thograí:

- Feabhas a chur ar leibhéal eolais, príomhinniúlachtaí agus scileanna na mac léinn iriseoireachta maidir leis an Aontas agus le Beartas Comhtháthaithe an Aontais;
- Díospóireacht acadúil a mholadh maidir leis an Aontas agus, go sonrach, le Beartas Comhtháthaithe, torthaí an bheartais, an ról atá ag an mbeartas maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach agus todhchaí an bheartais;
- Feabhsuithe cáilíochta agus nuálaíocht san oiliúint a chothú maidir leis an Aontas agus le Beartas Comhtháthaithe an Aontais i gcomhthéacs léann na hiriseoireachta, go háirithe trí chomhar feabhsaithe idir institiúidí oideachais.

Ba cheart an méid seo a leanas i gcuraclam an chúrsa:

- Na sonraí bunúsacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an tAontas
- An chaoi a n-infheistíonn an tAontas i réigiúin agus i gcathracha, go háirithe trí Bheartas Comhtháthaithe
- Conas tionscnaimh agus tionscadail an Aontais a chumhdach agus a thuairisciú le béim ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil

Is iad seo a leanas na torthaí agus na haschuir a bhfuil coinne leo:

- Curaclam agus ábhair oiliúna a fhorbairt faoin Aontas agus faoi bheartas Comhtháthaithe lena n-úsáid in institiúidí ardoideachais a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu ar fud an Aontais le linn tréimhse cur chun feidhme an togra agus ina diaidh;
- Líonra a chur ar bun ar líonra é d'institiúidí ardoideachais a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu agus atá tiomanta do staidéar iriseoireachta faoin Aontas agus faoi Bheartas Comhtháthaithe a theagasc agus a chur chun cinn, agus tréimhse fhada feidhmíochta le bheith ag an líonra;
- Méadú a dhéanamh ar líon na gcéimí iriseoireachta a bhfuil buntuiscint acu ar an gcaoi a n-oibríonn an tAontas agus an chaoi a n-infheistíonn an tAontas i réigiúin agus i gcathracha.

Sna tograí ní mór urraim a thabhairt don tsaoirse acadúil i bhforbairt ábhar oiliúna, léachtaí agus cur i láthair, i malartuithe agus i líonraí idir institiúidí oideachais rannpháirteacha, agus i rith fhorbairt agus chur chun feidhme an togra chomh maith.

Cé is moite de na torthaí thuasluaite a bhaint amach, ba cheart d’iarratasóirí an méid seo a leanas a chinntiú:

- go bhfuil an curaclam agus na hábhair oiliúna ar fáil ar líne (e.g. MOOC, treoir ar líne d’acmhainní gréasáin maidir le beartas comhtháthaithe) agus as líne (e.g. téacsleabhar ar an Aontas agus ar bheartas comhtháthaithe, cur i láthair PowerPoint réamhdhéanta), chomh maith le bheith saor ó chóipcheart lena úsáid ag roinnt institiúidí oideachais san Aontas;
- go bhfuil an curaclam agus na hábhair oiliúna ar fáil i dteangacha uile an Aontais;
- go ndéantar acmhainní atá ar fáil cheana féin ó thionscnaimh reatha an Choimisiún Eorpaigh nó ó thionscnaimh a tháinig roimhe a chomhtháthú a mhéid is féidir ionas nach mbeidh caiteachas dúblach ann;

- go gcuidítear le mic léinn a fhios a bheith acu cén áit is féidir sonraí agus faisnéis an Aontais a aimsiú agus cén tslí leis an leas is fearr a bhaint astu;
- go gcuireann siad taithí foghlama phraiticiúil ar fáil do mhic léinn sa chúrsa;
- go bhfuil eochairtháscairí feidhmíochta sa togra, amhail an líon mac léinn a mheastar a chríochnóidh an cúrsa in aghaidh na bliana

Is é spriocphobal na mbeart a chuirfear chun feidhme tríd an nglao seo mic léinn institiúidí ardoideachais creidiúnaithe a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu i mBallstáit an Aontais.

## 3. CLÁR AMA

| | Céimeanna | Dáta agus am nó tréimhse tháscach |
|---|---|---|
| (a) | Foilsiú an ghlao | 17/01/2022 |
| **(b)** | **Sprioc-am chun iarratais a chur isteach** | **21/04/2022 ar 13:00 Am Lár na hEorpa (CET)** |
| (c) | Tréimhse mheastóireachta | Lár mhí Aibreáin go mí na Bealtaine 2022 |
| (d) | Iarratasóirí a chur ar an eolas | Mí an Mheithimh 2022 |
| (e) | Síniú an chomhaontaithe deontais | Mí Lúnasa 2022 |

## 4. AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL

Meastar gurb é EUR 1 000 000 an buiséad iomlán atá curtha ar leataobh chun an tionscadal a chómhaoiniú faoin nglao seo ar thograí.

Measann an Coimisiún go ndéanfar togra **amháin** a chistiú.

Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart gan na cistí uile atá ar fáil a dháileadh.

## 5. NA CEANGLAIS IONTRÁLA

Chun go mbeidh siad inghlactha, ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh sna hiarratais:

– go seolfar iad tráth nach déanaí ná an sprioc-am le hiarratais a chur isteach dá dtagraítear i roinn 3;

– go gcuirtear isteach i scríbhinn iad (féach roinn 14), leis an bhfoirm atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/regional_policy/en/newsroom/funding-opportunities/calls-for-proposal/; agus

– iad a dhréachtú i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.

Diúltófar an t-iarratas mura gcomhlíontar na ceanglais sin.

## 6. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

### 6.1. Iarratasóirí incháilithe

Ollscoileanna agus institiúidí oideachais eile a bhfuil iriseoireacht á teagasc acu ag leibhéal fochéime agus leibhéal iarchéime atá lonnaithe i mBallstát an Aontais agus iad creidiúnaithe faoi reachtaíocht na tíre sin, is féidir leo tograí a chur isteach.

Níl daoine nádúrtha incháilithe.

**<u>Tír bhunaíochta</u>**

Ní incháilithe ach iarratais ó eintitis dhlítheanacha arna mbunú sna tíortha seo a leanas:

- Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

**<u>Doiciméid tacaíochta</u>**

Chun go ndéanfar measúnú ar incháilitheacht na n-iarratasóirí, iarrtar na doiciméid tacaíochta seo a leanas a chur ar fáil:

- **eintiteas príobháideach**: sliocht as an iris oifigiúil, cóip d'airteagail chomhlachais, sliocht as clár trádála nó comhlachais, deimhniú dliteanais maidir le cáin bhreisluacha (CBL) (sa chás go bhfuil an uimhir chlárúcháin trádála agus an uimhir aitheantais CBL díreach mar an gcéanna, mar atá i dtíortha áirithe, ní gá ach le ceann amháin de na doiciméid sin a bheith ann);
- **eintiteas poiblí**: cóip den rún, cinneadh nó doiciméad oifigiúil eile lena mbunaítear eintiteas dlí phoiblí;
- **eintitis gan pearsantacht dhlítheanach:** doiciméid ina dtaispeántar go bhfuil an inniúlacht ag a n-ionadaí nó a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh ar a son.

Tabhair faoi deara go bhféadfar a iarraidh ar iarratasóirí clárú agus Cód Sainaitheantais Rannpháirtí (PIC, uimhir 9 ndigit) a sholáthar le linn an nós imeachta, uimhir a fheidhmeoidh mar aitheantóir uathúil a n-eagraíochta i gClár na Rannpháirtithe. Gheobhaidh iarratasóirí treoracha maidir le conas Cód Sainaitheantais Rannpháirtí a chruthú in am trátha.

I ndiaidh PIC an iarratasóra a sholáthar, rachaidh Seirbhísí Bailíochtaithe an Aontais (Seirbhísí Bailíochtaithe na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde) i dteagmháil leis an iarratasóir (tríd an gcóras teachtaireachtaí atá leabaithe i gClár na Rannpháirtithe) agus iarrfar ar an iarratasóir na doiciméid tacaíochta is gá a sholáthar chun cruthú go bhfuil eagraíocht ann ó thaobh an dlí de, agus chun stádas na heagraíochta a chruthú. Soláthrófar na mionsonraí agus na treoracha uile is gá tríd an bhfógra sin ar leithligh.

### 6.2. Gníomhaíochtaí incháilithe

Is iad na gníomhaíochtaí incháilithe na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun na bearta a chur i gcrích agus chun na haschuir/torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach i gcomhréir leis na cuspóirí, na téamaí agus an spriocphobal a liostaítear faoi roinn 2 den ghlao seo ar thograí.

**A**. Ba cheart na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme laistigh de roinnt Ballstát de chuid an Aontais, nó laistigh díobh ar fad.

**B.** Níl na bearta a **cheanglaítear** faoin dlí nó faoi na conarthaí seirbhíse poiblí sonracha incháilithe (i gcás na n-eintiteas faoi úinéireacht phoiblí).

**C.** Tá na cineálacha gníomhaíochta seo a leanas incháilithe faoin nglao seo ar thograí: gníomhaíochtaí taighde; staidéir, anailís; gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu líonraí a chruthú agus feabhas a chur orthu, dea-chleachtais a mhalartú; gníomhaíochtaí comhair; léachtaí agus gníomhaíochtaí oiliúna; aon ghníomhaíocht eile a mheastar a bheith iomchuí chun cuspóirí an ghlao seo ar thograí a bhaint amach.

### 6.3. Tréimhse cur chun feidhme

Ní mór d'fhad an togra a bheith idir 12 mhí agus 18 mí.

Ní ghlacfar le hiarratais ar thionscadail atá le bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos giorra nó níos faide ná an tréimhse a shonraítear sa ghlao seo ar thograí.

## 7. CRITÉIR EISIAIMH

### 7.1. Eisiamh

Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin iarratasóir a eisiamh ó rannpháirtíocht a ghlacadh sa ghlao ar thograí in aon chás díobh seo a leanas:

(a) tá an t-iarratasóir ina fhéimheach, faoi réir nósanna imeachta dócmhainneachta nó imeachtaí foirceanta, tá a shócmhainní á riar ag leachtaitheoir nó ag cúirt, tá sé i gcomhshocraíocht le creidiúnaithe, go bhfuil a ghníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí, nó tá sé in aon chás analógach a eascraíonn as nós imeachta den chineál céanna dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlíthe náisiúnta nó faoi rialacháin;

(b) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go bhfuil an t-iarratasóir ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha a íoc nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(c) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an t-iarratasóir ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin nó caighdeáin eiticiúla infheidhme na gairme lena mbaineann an t-iarratasóir a shárú, nó go raibh sé i mbun aon intinn éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann de na nithe seo a leanas:

    (i) thug sé bréagléiriú go calaoiseach nó go faillíoch ar fhaisnéis a theastaíonn chun fíorú a dhéanamh nach bhfuil forais ann i gcomhair eisiaimh nó chun na critéir incháilitheachta nó roghnúcháin a chomhlíonadh nó i gcomhlíonadh conartha, comhaontaithe deontais, nó cinnidh dheontais;

    (ii) chuaigh sé i mbun comhaontú le hiarratasóirí eile chun iomaíocht a shaobhadh;

    (iii) sháraigh sé cearta maoine intleachtúla;

    (iv) rinne sé iarracht tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin le linn an nós imeachta um dhámhachtain;

    (v) rinne sé iarracht teacht ar fhaisnéis rúnda a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta um dhámhachtain;

(d) suíodh le breithiúnas críochnaitheach go raibh an t-iarratasóir ciontach in aon cheann díobh seo a leanas:

  (i) calaois, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Iúil 1995 ón gComhairle;

  (ii) éilliú, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371 nó Airteagal 3 den Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Bealtaine 1997 ón gComhairle, nó iompar dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle, nó éilliú mar a shainmhínítear sa dlí is infheidhme;

  (iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil, amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;

  (iv) sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, de réir bhrí Airteagal 1(3), (4) agus (5) de Threoir (AE)2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

  (v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1 agus Airteagal 3 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle, faoi seach, nó na cionta sin a spreagadh, cabhrú leo, iad a neartú nó ag féachaint leis na cionta sin a dhéanamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chinneadh sin;

  (vi) saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(e) léirigh an t-iarratasóir easnaimh shuntasacha maidir le príomhoibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le conradh, le comhaontú deontais, nó le cinneadh deontais arna maoiniú ag buiséad an Aontais a chomhlíonadh, arb é a d'eascair as foirceannadh luath nó cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionós conarthach eile nó a fuarthas amach tar éis seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe arna ndéanamh ag oifigeach údarúcháin, ag OLAF nó ag an gCúirt Iniúchóirí;

(f) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go ndearna an t-iarratasóir neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle;

(g) Suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an t-iarratasóir eintiteas faoi dhlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile arna gcur i bhfeidhm go sainordaitheach faoi dhlínse a oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó a lárionaid riaracháin;

(h) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh eintiteas leis an intinn dá dtagraítear i bpointe (g);

(i) maidir leis na cásanna sin dá dtagraítear i pointe (c) go pointe (h) thuas, beidh an t-iarratasóir faoi réir:

  (i) fíorais a suíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe arna ndéanamh ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh tar éis a bunaithe, ag an gCúirt Iniúchóirí, ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise nó ag an iniúchóir inmheánach, nó ag aon seiceáil, iniúchadh, nó rialú eile arna déanamh nó

arna dhéanamh faoi fhreagracht oifigigh údarúcháin de chuid institiúid AE, oifige Eorpaí nó ghníomhaireacht nó chomhlacht AE;

(ii) breithiúnais neamhchríochnaitheacha nó cinntí riaracháin neamhchríochnaitheacha ar a bhféadfadh a bheith bearta araíonachta a ghlac an comhlacht maoirseachta inniúil atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chaighdeáin na heitice gairmiúla;

(iii) fíorais dá dtagraítear i gcinntí daoine nó eintiteas ar cuireadh cúraimí maidir le cur chun feidhme bhuiséad AE orthu;

(iv) faisnéis arna tarchur ag Ballstáit atá ag cur cistí de chuid an Aontais chun feidhme;

(v) cinntí ón gCoimisiún maidir le dlí iomaíochta an Aontais a shárú nó ó údarás inniúil náisiúnta maidir le dlí iomaíochta an Aontais nó dlí iomaíochta náisiúnta a shárú; nó

(vi) cinntí eisiaimh arna ndéanamh ag oifigeach údarúcháin de chuid institiúid AE, oifige Eorpaí nó ghníomhaireacht nó chomhlacht AE.

### 7.2. Bearta feabhais

Má dhearbhaíonn an t-iarratasóir go bhfuil sé i gceann de na staideanna eisiaimh a liostaítear thuas (féach roinn 7.1), ní mór dó na bearta atá déanta aige a léiriú chun an staid eisiaimh a réiteach, rud a léiríonn, ar an gcaoi sin, a iontaofacht. Féadfar a áireamh leis sin e.g. bearta teicniúla, eagraíochtúla agus pearsanra chun an t-iompar a cheartú agus tarluithe eile a sheachaint, cúiteamh i leith damáistí nó íocaíocht táillí nó íocaíocht aon chánach nó aon ranníocaíocht slándála sóisialta. Ní mór an fhianaise dhoiciméadach ábhartha lena léirítear na bearta feabhais a rinneadh a sholáthar san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú. Ní bhaineann sé seo leis na staideanna dá dtagraítear i bpointe (d) de roinn 7.1.

### 7.3. Diúltú i gcás glao ar thograí

Ní dhámhfaidh an t-oifigeach údarúcháin deontas d’iarratasóir a mbaineann an méid seo a leanas leis nó léi:

(a) tá an t-iarratasóir i staid eisiaimh arna bunú i gcomhréir le roinn 7.1; nó

(b) rinne an t-iarratasóir bréagléiriú ar an bhfaisnéis a éilítear mar choinníoll le páirt a ghlacadh sa nós imeachta, nó mhainnigh an t-iarratasóir an fhaisnéis sin a sholáthar; nó

(c) bhí baint ag an iarratasóir cheana le doiciméid a ullmhú a úsáideadh i nós imeachta um dhámhachtain agus sáraíodh, tríd sin, prionsabal na córa comhionainne, lena n-áirítear saobhadh iomaíochta nach féidir a leigheas ar shlí eile.

Cuirtear na critéir eisiaimh chéanna i bhfeidhm maidir le heintitis chleamhnaithe.

Féadfar smachtbhannaí riaracháin (eisiamh) a fhorchur ar iarratasóirí, nó ar eintitis chleamhnaithe i gcás inarb infheidhme, má thagann sé chun solais gur dearbhuithe bréagacha nó faisnéis bhréagach atá sna dearbhuithe nó san fhaisnéis a soláthraíodh mar choinníoll chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta seo.

### 7.4. Doiciméid tacaíochta

Ní mór d’iarratasóirí agus eintitis chleamhnaithe dearbhú ar a n-onóir a sholáthar lena ndeimhnítear nach mbaineann aon cheann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagail

136(1) agus 141 den Rialachán Airgeadais leo[1], tríd an bhfoirm ábhartha a líonadh isteach atá i gceangal leis an bhfoirm iarratais a ghabhann leis an nglao ar thograí agus atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/regional_policy/en/newsroom/funding-opportunities/calls-for-proposal/.

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

**Le haghaidh deontas d'aon tairbhí amháin:**

(i) siníonn an t-iarratasóir dearbhú ina ainm féin agus thar ceann na n-eintiteas cleamhnaithe atá aige; NÓ
(ii) siníonn an t-iarratasóir agus na heintitis chleamhnaithe atá aige dearbhú ar leith ina n-ainmneacha féin.

**Le haghaidh deontas do roinnt tairbhithe:**

(i) siníonn comhordaitheoir cuibhreannais dearbhú thar ceann na n-iarratasóirí agus na n-eintiteas cleamhnaithe ar fad; NÓ
(ii) siníonn gach iarratasóir sa chuibhreannas dearbhú ina ainm agus thar ceann na n-eintiteas cleamhnaithe atá aige; NÓ
(iii) siníonn gach iarratasóir sa chuibhreannas agus na heintitis chleamhnaithe ar fad atá aige dearbhú ar leith ina n-ainmneacha féin.

# 8. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

## 8.1. Acmhainn airgeadais

Na foinsí cistiúcháin atá ag iarratasóirí, ní mór dóibh a bheith cobhsaí leordhóthanach chun a ngníomhaíocht a choinneáil ar siúl ar feadh fhad an deontais agus chun bheith rannpháirteach ina cistiú. Déanfar measúnú ar acmhainn airgeadais na n-iarratasóirí ar bhonn na ndoiciméad tacaíochta seo a leanas atá le cur isteach leis an iarratas:

a) Deontais ar luach íseal (≤ EUR 60 000):

  – dearbhú ar a n-onóir.

b) Deontais > EUR 60 000:

  – dearbhú ar a n-onóir, agus

  CIBÉ ACU

  ➢ an cuntas brabúis agus caillteanais chomh maith leis an gclár comhardaithe le haghaidh an dá bhliain airgeadais is déanaí dár dúnadh na cuntais;

  ➢ le haghaidh eintiteas nuachruthaithe: d'fheadfadh an plean gnó teacht in ionad na ndoiciméad thuasluaite;

  NÓ

  ➢ an tábla dá bhforáiltear san fhoirm iarratais, é líonta isteach leis na figiúirí cuntasaíochta reachtúla ábhartha, chun na cóimheasa a ríomh mar a shonraítear san fhoirm.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1)

c) Deontais le haghaidh gníomhaíochta > EUR 750 000:

(i) an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta a luaitear i bpointe b) thuas, agus

(ii) **tuarascáil iniúchóireachta** a rinne iniúchóir seachtrach formheasta lena ndeimhnítear cuntais an dá bhliain airgeadais is déanaí atá ar fáil, i gcás ina bhfuil tuarascáil den chineál sin ar fáil nó i ngach cás a gceanglaítear tuarascáil reachtúil faoin dlí.

I gcás nach bhfuil an tuarascáil iniúchóireachta ar fáil AGUS nach gceanglaítear tuarascáil reachtúil faoin dlí, ní mór féindearbhú a sholáthar atá sínithe ag ionadaí údaraithe an iarratasóra lena ndeimhnítear bailíocht a chuntas le haghaidh an dá bhliain airgeadais is déanaí.

I gcás iarratais ina ngrúpáiltear roinnt iarratasóirí (cuibhreannas), tá feidhm ag na tairseacha thuasluaite maidir le gach iarratasóir.

I gcás eintiteas dlítheanach lena bhfoirmítear iarratasóir **amháin** (an 't-aon iarratasóir amháin'), mar a shonraítear i roinn 6.1 thuas, tá feidhm ag na ceanglais thuasluaite maidir leis na heintitis sin uile.

Ar bhonn na ndoiciméid a chuirtear isteach, má mheasann an Coimisiún go bhfuil an acmhainn airgeadais lag, féadfaidh sé an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuilleadh faisnéise a iarraidh;
- cinneadh a dhéanamh gan réamh-mhaoiniú a thabhairt;
- cinneadh a dhéanamh réamh-mhaoiniú a thabhairt i dtráthchodanna;
- cinneadh a dhéanamh réamh-mhaoiniú a thabhairt a chumhdaítear le ráthaíocht bainc (féach roinn 11.6.2 thíos);
- i gcás inarb infheidhme, féadfaidh an Coimisiún dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcomhthairbhithe uile a éileamh.

Má mheasann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach nach bhfuil an acmhainn airgeadais leordhóthanach, diúltóidh sé an t-iarratas.

### 8.2. Cumas oibríochtúil

Ní mór d'iarratasóirí na hinniúlachtaí gairmiúla a bheith acu chomh maith leis na cáilíochtaí iomchuí is gá chun an ghníomhaíocht bheartaithe a chríochnú. I ndáil leis an méid sin, tá ar na hiarratasóirí dearbhú ar a n-onóir a chur isteach, chomh maith leis na doiciméid tacaíochta seo a leanas:

- *curriculum vitae* nó tuairisc ar phróifíl na ndaoine atá freagrach go príomha as an oibríocht a bhainistiú agus a chur chun feidhme;
- liosta tionscadal nó gníomhaíochtaí roimhe seo a rinneadh agus a bhaineann leis an nglao nó liosta gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích le dhá bhliain anuas (4 thionscadal nó ghníomhaíocht ar a mhéad).

I gcás eintiteas dlítheanach lena bhfoirmítear iarratasóir **amháin** (an 't-aon iarratasóir amháin'), mar a shonraítear i roinn 6.1 thuas, tá feidhm ag na ceanglais thuasluaite maidir leis na heintitis sin uile.

## 9. CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar na hiarratais incháilithe agus na tionscadail incháilithe ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

| | Critéir | Príomhghnéithe atá le cur san áireamh | Pointí ualaithe |
|---|---|---|---|
| 1. | **Ábharthacht an bhirt agus rannchuidiú le cuspóirí an ghlao ar thograí** | • **Ábharthacht** bhearta an togra i ndáil leis na cuspóirí agus torthaí an ghlao ar thograí a bhfuil coinne leo<br>• **Breisluach** i gcomparáid le tionscnaimh reatha ábhartha ón gCoimisiún Eorpach<br>• **Carachtar nuálach** an togra i ndáil le hábhair oiliúna agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Aontas agus le Beartas Comhtháthaithe, chomh maith le deiseanna foghlama praiticiúla | 20 pointe; (íostairseach 50 %) |
| 2. | **Éifeachtacht an bhirt** | • **Cuspóirí** sonracha, intomhaiste, indéanta agus ábhartha<br>• Éifeachtúlacht na **modheolaíochtaí** atá beartaithe chun cuspóirí an ghlao seo a bhaint amach, lena n-áirítear: bearta chun ábhair oiliúna a ullmhú agus a chur ar fáil, meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, saoirse acadúil a áirithiú, réitigh theicniúla a chruthú agus torthaí an togra a mheas<br>• Féidearthachtaí a bheidh ann **leanúint** leis an togra thar an tréimhse tacaíochta ón Aontas atá iarrtha | 20 pointe; (íostairseach 50 %) |
| 3. | **Éifeachtúlacht an bhirt** | • **Costéifeachtúlacht** i dtéarmaí na n-acmhainní atá beartaithe, agus costais chuntasaíochta agus na torthaí a bhfuil coinne leo á gcur san áireamh | 20 pointe; (íostairseach 50 %) |
| 4. | **Raon an chuimsithe gheografaigh** | • **An líon institiúidí oideachais a chumhdaítear** agus líon Bhallstáit tionscnaimh na n-institiúidí oideachais<br>• **An líon mac léinn a bhfuil coinne leo a chríochnóidh an cúrsa gach bliain** | 20 pointe; (íostairseach 50 %) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | **Eagrúchán fhoireann an togra agus cáil bhainistíocht an togra** | • Cáilíocht na sásraí **comhordúcháin** atá beartaithe, córais rialúcháin **cháilíochta** agus socruithe chun **rioscaí** a bhainistiú<br>• Cáilíocht **leithdháileadh cúraim**í i bhfianaise gníomhaíochtaí an togra a chur chun feidhme | 20 pointe; íostairseach 50 %) |

Tabharfar 100 pointe ar a mhéad le haghaidh cháilíocht an togra. Is é 60 pointe as 100 an t-íosmharc foriomlán atá riachtanach, agus is é 50 % an t-íosmharc atá riachtanach le haghaidh gach critéir. Ní chuirfear ar an liosta rangaithe ach na tograí a chomhlíonann na tairseacha cáilíochta thuasluaite. Ní hionann an tairseach a shroicheadh agus an deontas a dhámhachtain go huathoibríoch.

## 10. GEALLTANAIS DHLÍTHIÚLA

I gcás ina ndéanann an Coimisiún deontas a dhámhachtain, seolfar comhaontú deontais arna tharraingt in euro chuig an iarratasóir, lena sonraítear coinníollacha agus leibhéal an chistithe, chomh maith leis an bhfaisnéis maidir leis an nós imeachta chun comhaontú an dá pháirtí a chur ar bhonn foirmiúil.

Ní mór don tairbhí nó don chomhordaitheoir thar ceann an chuibhreannais dhá chóip den chomhaontú bunaidh a shíniú agus iad a chur ar ais chuig an gCoimisiún láithreach. Síneoidh an Coimisiún é ar deireadh.

**Agus na hiarratasóirí ag cur iarratais ar dheontas isteach, tá sé le tuiscint go bhfuiltear ag glacadh leis na coinníollacha ginearálta a ghabhann leis an nglao seo ar thograí. Tá na coinníollacha ginearálta sin ina gceangal ar an tairbhí a ndámhtar an deontas air agus beidh siad ina n-iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh deontais.**

## 11. FORÁLACHA AIRGEADAIS

### 11.1. Foirmeacha an deontais

#### 11.1.1 Aisíoc costas a tabhaíodh iarbhír

Saineofar an deontas trí uasráta cómhaoinithe 95 % a chur i bhfeidhm maidir leis na costais incháilithe arna dtabhú go hiarbhír agus arna ndearbhú ag an tairbhí agus a eintitis chleamhnaithe.

Chun mionsonraí a fháil ar incháilitheacht costas, féach ar roinn 11.2.

#### 11.1.2 Aisíoc costas incháilithe arna ndearbhú ar bhonn ráta comhréidh

Saineofar an deontas trí uasráta cómhaoinithe 95 % a chur i bhfeidhm ar na costais incháilithe a dhearbhaigh an tairbhí agus a eintitis chleamhnaithe ar bhonn na nithe seo a leanas:

(a) ráta comhréidh 7 % de na costais dhíreacha incháilithe (‘aisíocaíocht na gcostas ar ráta comhréidh’) i gcomhair na gcatagóirí costais seo a leanas: costais indíreacha.

Íocfar an ráta comhréidh nuair a ghlacfar leis na costais a mbeidh feidhm ag an ráta comhréidh maidir leo.

### 11.2. Costais incháilithe

Comhlíonfaidh costais incháilithe na critéir uile seo a leanas:

- is é an tairbhí a thabhaigh na costais.
- tabhaítear iad le linn thréimhse na gníomhaíochta, cé is moite de na costais a bhaineann le tuarascálacha deiridh agus le deimhnithe iniúchóireachta;
    - Cuirfear tús le tréimhse incháilitheachta na gcostas mar a shonraítear sa chomhaontú deontais.
    - Sa chás gur féidir le tairbhí a thaispeáint go bhfuil gá le tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú, féadfar tús a chur le tréimhse incháilitheachta na gcostas sula síneofar é. Ní fhéadfar tús a chur leis an tréimhse incháilitheachta roimh dháta tíolactha an iarratais ar dheontas i gcás ar bith.
- tugtar le fios iad i mbuiséad measta na gníomhaíochta;
- tá siad riachtanach maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta is ábhar don deontas;
- tá siad inaitheanta agus infhíoraithe, iad á dtaifeadadh i dtaifid chuntasaíochta an tairbhí go háirithe agus cinneadh á dhéanamh orthu de réir chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme na tíre ina bhfuil an tairbhí bunaithe agus de réir ghnáthchleachtais chuntasaíochta an tairbhí;
- comhlíonann siad forálacha na reachtaíochta cánaí agus sóisialta is infheidhme;
- tá siad réasúnach, tá bonn cirt leo agus comhlíonann siad prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, maidir le barainneacht agus éifeachtúlacht go háirithe.

Le nósanna imeachta inmheánacha an tairbhí maidir le cuntasaíocht agus iniúchadh, ní mór a bheith in ann na costais agus an t-ioncam a dhearbhaítear i leith na gníomhaíochta/an tionscadail a réiteach go díreach leis na ráitis chuntasaíochta chomhfhreagracha agus le doiciméid tacaíochta.

Tá feidhm ag na critéir chéanna maidir le costais arna dtabhú ag na heintitis chleamhnaithe.

Féadfaidh costais incháilithe a bheith díreach nó indíreach.

#### 11.2.1. <u>Costais dhíreacha incháilithe</u>

Baineann an méid seo a leanas le costais dhíreacha incháilithe le haghaidh na gníomhaíochta:

**agus aird chuí á tabhairt ar na coinníollacha incháilitheachta mar a leagtar amach thuas**, is costais iad a shainaithnítear mar chostais shonracha atá nasctha go díreach le feidhmíocht na gníomhaíochta agus ar féidir iad a bheith sannta di go díreach dá bhrí sin, amhail:

(a) na costais a bhaineann le pearsanra atá ag obair faoi chonradh fostaíochta leis an tairbhí nó faoi ghníomh ceapacháin comhionann, agus atá sannta don

ghníomhaíocht, ar choinníoll go bhfuil na costais sin i gcomhréir le gnáthbheartas an tairbhí maidir le luach saothair.

Áirítear leis na costais sin tuarastail iarbhír móide ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus costais reachtúla eile a chuimsítear sa luach saothair. Féadfar a áireamh leo freisin luachanna saothair breise, lena n-áirítear íocaíochtaí atá bunaithe ar chonarthaí forlíontacha, gan beann ar chineál na gconarthaí atá i gceist, ar choinníoll go n-íoctar iad ar bhonn comhsheasmhach aon uair a bhíonn gá leis an gcineál céanna oibre nó saineolais, go neamhspleách ar an bhfoinse chistithe atá á húsáid;

Na costais a bhaineann le daoine nádúrtha a oibríonn faoi chonradh leis an tairbhí nach conradh fostaíochta é, nó le daoine nádúrtha a dtugann tríú páirtí ar iasacht iad don tairbhí i leith íocaíochta, féadfar iad a áireamh faoi chostais phearsanra den chineál sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) oibríonn an duine faoi choinníollacha atá cosúil le coinníollacha fostaí (go háirithe maidir leis an gcaoi a n-eagraítear an obair, maidir leis na cúraimí a dhéantar agus maidir leis an áitreabh ina ndéantar iad);

(ii) is leis an tairbhí toradh na hoibre (mura gcomhaontaítear a mhalairt go heisceachtúil); agus

(iii) níl difríocht shuntasach idir na costais sin agus costais foirne a dhéanann cúraimí cosúla faoi chonradh fostaíochta leis an tairbhí;

Soláthraítear na modhanna molta chun costais dhíreacha phearsanra a ríomh san Fhoscríbhinn.

(b) costais taistil agus na liúntais chothaithe bhainteacha, ar choinníoll go bhfuil na costais sin i gcomhréir le gnáthchleachtais an tairbhí maidir le taisteal;

(c) na costais dímheasa a bhaineann le trealamh nó sócmhainní eile (idir nua agus athláimhe) mar a thaifeadtar iad i ráitis chuntasaíochta an tairbhí, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) déantar an tsócmhainn a dhíscríobh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus gnáthchleachtais chuntasaíochta an tairbhí; agus

(ii) ceannaíodh an tsócmhainn i gcomhréir leis na rialacha maidir le conarthaí cur chun feidhme a leagtar síos sa chomhaontú deontais, má ceannaíodh í laistigh den tréimhse cur chun feidhme;

Is incháilithe freisin costais trealaimh nó sócmhainní eile arna bhfáil ar cíos nó ar léas, ar choinníoll nach sáraíonn na costais sin na costais dímheasa a bhaineann le trealamh cosúil nó sócmhainní cosúla agus nach bhfuil aon táille airgeadais san áireamh leo;

Agus na costais incháilithe á gcinneadh, ní féidir a áireamh ach amháin an sciar de chostais dímheasa, chíosa nó léasa an trealaimh a chomhfhreagraíonn leis an tréimhse cur chun feidhme agus leis an ráta úsáide iarbhír chun críocha na gníomhaíochta. Mar eisceacht air sin, féadfaidh costas ceannaigh iomlán an trealaimh a bheith incháilithe faoi na Coinníollacha Speisialta, má bhíonn údar leis

sin de thoradh chineál na gníomhaíochta agus an chomhthéacs ina n-úsáidfear an trealamh nó na sócmhainní;

(d) costas a bhaineann le tomhaltáin agus soláthairtí, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) ceannaítear iad i gcomhréir leis na rialacha maidir le conarthaí cur chun feidhme mar a leagtar síos sa chomhaontú deontais; agus

(ii) sanntar iad go díreach don ghníomhaíocht;

(e) costais a eascraíonn go díreach as na ceanglais arna bhforchur leis an gComhaontú (scaipeadh faisnéise, meastóireacht shonrach ar an ngníomhaíocht, iniúchóireachtaí, aistriúcháin, atáirgeadh), lena n-áirítear costais ráthaíochtaí airgeadais arna n-iarraidh, ar choinníoll go gceannaítear na seirbhísí comhfhreagracha i gcomhréir leis na rialacha maidir le conarthaí cur chun feidhme a leagtar síos sa chomhaontú deontais;

(f) costais a thagann as fochonarthaí, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a bhaineann go sonrach le fochonraitheoireacht a leagtar síos sa chomhaontú deontais;

(g) costais na tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais sin;

(h) dleachtanna, cánacha agus muirir arna n-íoc ag an tairbhí, go háirithe cáin bhreisluacha (CBL), ar choinníoll go n-áirítear iad sna costais dhíreacha incháilithe, agus mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais.

**11.2.2. Costais indíreacha incháilithe (forchostais)**

Is costais indíreacha iad na costais nach bhfuil ceangailte go díreach le cur chur chun feidhme na gníomhaíochta agus nach féidir, dá bhrí sin, a bheith curtha ina leith go díreach.

Méid ar ráta comhréidh 7 % de chostais dhíreacha incháilithe iomlána na gníomhaíochta, tá sé incháilithe mar chostais indíreacha, lena léirítear costais riaracháin ghinearálta an tairbhí ar féidir a mheas mar chostais atá inmhuirir i leith na gníomhaíochta/an tionscadail.

Ní fhéadfar a áireamh le costais indíreacha costais a chuirtear isteach faoi cheannteideal buiséid eile.

**Tarraingítear aird na n-iarratasóirí ar an gcaoi nach bhféadfaidh siad costais indíreacha a dhearbhú le haghaidh na tréimhse nó na dtréimhsí atá cumhdaithe ag an deontas oibriúcháin má fhaigheann siad deontas oibriúcháin arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais Eorpaigh nó Euratom, ach amháin más féidir leo a léiriú nach gcumhdaítear aon chostas de chuid na gníomhaíochta leis an deontas oibriúcháin.**

Chun an méid sin a léiriú, i bprionsabal, ba cheart don tairbhí:

a. *córas anailíseach cuntasóireachta a úsáid lena gceadaítear na costais ar fad a dheighilt (lena n-airítear forchostais)* atá inchurtha i leith an deontais oibriúcháin agus an deontais ghníomhaíochta. Chun na críche sin ba cheart don tairbhí úsáid a bhaint as *cóid chuntasaíochta iontaofa agus scálaí cionroinnte* lena

n-áirithítear go ndéanfar na costais *a leithdháileadh* i *mbealach cothrom, oibiachtúil agus réalaíoch.*

b. *déantar na nithe seo a leanas a thaifeadadh go leithleach*:

- gach costas a tabhaíodh i gcomhair na ndeontas oibriúcháin (i.e. costais phearsanra, costais reatha ginearálta agus costais oibriúcháin eile atá nasctha leis an gcuid dá ghnáthghníomhaíochtaí bliantúla), agus
- gach costas a tabhaíodh i gcomhair na ndeontas gníomhaíochta (lena n-airítear na costais indíreacha iarbhír atá nasctha leis an ngníomhaíocht)

Má chumhdaítear gnáthghníomhaíocht bhliantúil iomlán agus buiséad an tairbhí leis an deontas oibriúcháin, níl an tairbhí i dteideal aon chostas indíreach a fháil faoin deontas gníomhaíochta.

## 11.3. Costais neamh-incháilithe

Ní mheastar gur costais incháilithe iad na nithe seo a leanas:

a) toradh ar chaipiteal agus díbhinní arna n-íoc ag tairbhí;
b) fiachas agus muirir sheirbhísithe fiachais;
c) soláthairtí le haghaidh caillteanas nó fiachas;
d) ús dlite;
e) fiachais amhrasacha;
f) caillteanais maidir leis an ráta malairte;
g) costais aistrithe ón gCoimisiún arna ngearradh ag banc tairbhí;
h) costais a dhearbhaíonn an tairbhí faoi ghníomhaíocht eile a bhfuil deontas á fháil ina leith arna mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais. Áirítear le deontais mar sin deontais arna ndámhachtain ag Ballstát agus arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais agus deontais arna ndámhachtain ag comhlachtaí eile seachas an Coimisiún chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme. Go sonrach, ní féidir le tairbhithe a fhaigheann deontas oibriúcháin arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais Eorpaigh nó Euratom costais indíreacha a dhearbhú le haghaidh na tréimhse nó na dtréimhsí a chumhdaítear leis an deontas oibriúcháin, ach amháin más féidir leo a léiriú nach gcumhdaítear aon chostas de chuid na gníomhaíochta leis an deontas oibriúcháin.
i) ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe;
j) róchaiteachas nó caiteachas doscaí;
k) CBL in-asbhainte.

Beidh CBL[2] neamh-incháilithe nuair is gníomhaíochtaí a ngearrtar cáin orthu iad na gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh tríd an deontas nó más gníomhaíochtaí díolmhaithe iad a bhfuil ceart asbhainte acu nó gníomhaíochtaí a dhéanann comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí atá ag feidhmiú mar údarás poiblí Ballstáit (i.e. gníomhaíochtaí a eascraíonn as feidhmiú cumhachtaí ceannasacha nó feidhmiú saincheart na mBallstát faoin gcóras dlí speisialta is infheidhme maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle[3]: e.g. póilíní, ceartas, sainmhíniú agus forfheidhmiú beartas poiblí, etc.).

---

[2] Airteagal 186 (4) (c) den Rialachán Airgeadais

[3] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1

### 11.4. Buiséad comhardaithe

Ní mór an buiséad measta a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais. Ní mór ioncam agus caiteachas a bheith i gcomhardú ann.

Ní mór an buiséad a tharraingt in euro.

Iarratasóirí nach dtabhófar costais ina leith in euro, ba cheart dóibh an ráta malairte a úsáid a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin Infor-euro agus atá ar fáil ag:

https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/information-contractors-and-beneficiaries/exchange-rate-inforeuro_ga

Ní mór don iarratasóir a áirithiú nach le deontas an Aontais sholáthrófar na hacmhainní ar fad a bhfuil gá leo chun an gníomhaíocht a chur i gcrích.

Féadfaidh cómhaoiniú na gníomhaíochta a bheith i bhfoirm na nithe seo a leanas:

- acmhainní dílse an tairbhí,
- ioncam a gineadh leis an ngníomhaíocht nó leis an gclár oibre,
- ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe.

### 11.5. Méid críochnaitheach an deontais a ríomh

Ríomhann an Coimisiún méid críochnaitheach an deontais tráth a íoctar an t-iarmhéid. Is iad seo a leanas na céimeanna atá sa ríomh:

**Céim 1 — An ráta aisíocaíochta a chur i bhfeidhm ar na costais incháilithe agus an ráta comhréidh a chur leo**

Faightear an méid faoi chéim 1 tríd an ráta aisíocaíochta a shonraítear i roinn 11.1.1 a chur i bhfeidhm ar na costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír agus a nglacfaidh an Coimisiún leo, lena n-airítear costais arna ndearbhú i bhfoirm rátaí comhréidh a bhfuil feidhm ag na rátaí cómhaoinithe maidir leo i gcomhréir le roinn 11.1.2.

**Céim 2 — Teorainn a chur le huasmhéid an deontais**

An méid iomlán a íocann an Coimisiún leis an tairbhí, ní fhéadfaidh sé uasmhéid an deontais a shárú in aon chás, mar a léirítear sa chomhaontú deontais. Más airde an méid a fuarthas tar éis Chéim 1 ná an t-uasmhéid sin, déanfar méid críochnaitheach an deontais a theorannú don uasmhéid.

Má dhearbhaítear gur cuid de na costais dhíreacha incháilithe í obair na saorálaithe, teorannaítear méid críochnaitheach an deontais do mhéid na gcostas incháilithe iomlána arna bhformheas ag an gCoimisiún lúide méid oibre na saorálaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún.

**Céim 3 — Laghdú mar gheall ar riail an neamhbhrabúis**

Ciallaíonn ‘brabús’ barrachas na bhfáltas roinnte ar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta, i gcás inarb éard atá sna fáltais an méid a fhaightear nuair a leantar Céimeanna 1 agus 2 móide an t-ioncam a ghintear tríd an ngníomhaíocht i gcomhair na dtairbhithe agus na n-eintiteas cleamhnaithe seachas eagraíochtaí neamhbhrabúis.

Ní mheastar gur fáltais iad na ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais ó thríú páirtithe.

Is iad na costais incháilithe iomlána chomhdhlúite arna bhformheas ag an gCoimisiún costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. An t-ioncam arna ghiniúint tríd an ngníomhaíocht, sin an t-ioncam comhdhlúite arna shuí, arna ghiniúint nó arna dhearbhú le haghaidh na dtairbhithe agus na n-eintiteas cleamhnaithe seachas eagraíochtaí neamhbhrabúis ar an dáta a tharraingítear suas an iarraidh ar íocaíocht an iarmhéid.

Má bhíonn brabús ann, bainfear é i gcomhréir le ráta aisíocaíochta deiridh chostais incháilithe iarbhír na gníomhaíochta arna bhformheas ag an gCoimisiún.

**Céim 4 — Laghdú mar gheall ar chur chun feidhme míchuí nó sárú oibleagáidí eile**

Féadfaidh an Coimisiún uasmhéid an deontais a laghdú mura ndearnadh an ghníomhaíocht a chur chun feidhme go cuí (i.e. murar cuireadh chun feidhme í, nó i gcás droch-chur chun feidhme, cur chun feidhme páirteach nó cur chun feidhme mall), nó má sháraítear oibleagáid eile faoin gComhaontú.

Beidh méid an laghdaithe comhréireach le méid an chur chun feidhme mícheart nó le tromchúis an tsáraithe.

### 11.6. Na socruithe tuairiscithe agus íocaíochta

#### 11.6.1 Na socruithe íocaíochta

Féadfaidh an tairbhí na híocaíochtaí seo leanas a iarraidh ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha an chomhaontuithe deontais (e.g. sprioc-amanna íocaíochta, uasteorainneacha, etc,). Beidh na doiciméid a thugtar thíos ag gabháil leis na hiarrataí ar íocaíocht agus sonrófar iad sa chomhaontú deontais:

| Iarratas ar íocaíocht | Doiciméid tionlacain |
|---|---|
| **Íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin** a chomhfhreagraíonn do 40 % den uasmhéid deontais | ráthaíocht airgeadais (féach roinn 11.6.2) |
| **Íocaíocht eatramhach** amháin:<br>Chun méid na híocaíochta eatramhaí atá le híoc a chinntiú, is é 95 % an ráta aisíocaíochta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na costais incháilithe arna bhformheas ag an gCoimisiún.<br>Ní sháróidh an íocaíocht eatramhach 40 % den uasmhéid deontais.<br>Ní sháróidh an méid réamh-mhaoiniúcháin agus íocaíochtaí eatramhacha 80 % den uasmhéid deontais. | (a) tuarascáil theicniúil eatramhach<br>(b) ráiteas airgeadais eatramhach<br>(c) deimhniú maidir leis na ráitis airgeadais agus na bunchuntais |
| **An t-iarmhéid a íoc**<br>Suífidh an Coimisiún méid na híocaíochta seo ar bhonn ríomh mhéid críochnaitheach an deontais (féach roinn 11.5 thuas). Más airde iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh roimhe sin ná méid críochnaitheach an deontais, cuirfear de cheangal ar an tairbhí an méid sa bhreis a | (a) tuarascáil theicniúil chríochnaitheach<br>(b) ráiteas airgeadais críochnaitheach<br>(c) ráiteas airgeadais achomair lena gcuirtear le chéile na ráitis airgeadais a cuireadh isteach roimhe sin agus lena léirítear na fáltais |

| | |
|---|---|
| d'íoc an Coimisiún a aisíoc trí ordú gnóthaithe. | (d) deimhniú maidir leis na ráitis airgeadais agus na bunchuntais |

I gcás ina bhfuil acmhainn airgeadais lag ann, beidh feidhm ag roinn 8.1 thuas.

### 11.6.2 Ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin

Féadfar ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a iarraidh le haghaidh suas leis an méid céanna den réamh-mhaoiniúchán chun na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a theorannú.

Is banc formheasta nó institiúid airgeadais fhormheasta atá bunaithe i gceann de Bhallstáit an Aontais a sholáthróidh an ráthaíocht airgeadais, in euro. I gcás ina bhfuil an tairbhí bunaithe i dtríú tír, féadfaidh an Coimisiún comhaontú a dhéanamh go bhféadfaidh banc nó institiúid airgeadais atá bunaithe sa tríú tír sin an ráthaíocht a sholáthar má mheasann an Coimisiún go dtugann an banc nó an institiúid airgeadais slándáil agus saintréithe atá coibhéiseacha lena dtugann banc nó institiúid airgeadais atá bunaithe i mBallstát. Ní ghlacfar mar ráthaíochtaí airgeadais le méideanna atá stoptha i gcuntais bhainc.

Féadfar an méid seo a leanas a chur in ionad na ráthaíochta:

- ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach ó thríú páirtí nó,
- ráthaíocht chomhpháirteach thairbhithe gníomhaíochta ar tairbhithe iad atá ina bpáirtithe den chomhaontú deontais céanna.

Scaoilfear an ráthaíocht nuair a dhéanfar an réamh-mhaoiniú a ghlanadh de réir a chéile in aghaidh íocaíochtaí eatramhacha nó íocaíocht an iarmhéid, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais.

De rogha ar ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a iarraidh, féadfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a scoilteadh ina tráthchodanna éagsúla.

## 11.7. Coinníollacha airgeadais eile

**a) <u>Dámhachtain neamhcharnach</u>**

Ní féidir ach aon deontas amháin as buiséad an Aontais Eorpaigh a bhronnadh ar ghníomhaíocht.

**b) <u>Neamh-aisghníomhaíocht</u>**

Ní fhéadfar aon deontas a dhámhachtain go cúlghabhálach i gcás gníomhaíochtaí a tugadh i gcrích cheana.

Ní fhéadfar deontas a dhámhachtain le haghaidh gníomhaíochta atá tosaithe cheana ach amháin sa chás go bhféadfaidh an t-iarratasóir a thaispeáint san iarratas ar dheontas go bhfuil gá le tús a chur leis an ngníomhaíocht sula sínítear an comhaontú deontais.

I gcásanna mar sin, na costais atá incháilithe le haghaidh maoiniúcháin, is féidir nár tabhaíodh iad roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas ar dheontas.

## c) <u>Conarthaí cur chun feidhme/fochonraitheoireacht</u>

I gcás ina bhfuil gá le dámhachtain conarthaí soláthair chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme (conarthaí cur chun feidhme), féadfaidh an tairbhí an conradh a dhámhachtain i gcomhréir lena ghnáthchleachtais cheannaigh ar choinníoll go ndéantar an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch nó ar an tairiscint is ísle praghas (nuair is iomchuí), agus coinbhleachtaí leasa á seachaint.

Tá coinne leis go ndéanfaidh an tairbhí doiciméadú soiléir ar an nós imeachta tairisceana agus an doiciméadacht a choinneáil i gcás iniúchta.

Eintitis atá ag feidhmiú ina gcáil mar údaráis chonarthacha de réir bhrí Threoir 2014/24/AE[4] nó mar eintitis chonarthacha de réir bhrí Threoir 2014/25/AE[5], ní mór dóibh na rialacha náisiúnta soláthair is infheidhme a chomhlíonadh.

Féadfaidh tairbhithe cúraimí ar cuid den ghníomhaíocht iad a chur ar fochonradh. Má dhéanann na tairbhithe amhlaidh, ní mór dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas, lena n-áirítear na coinníollacha thuasluaite maidir leis an mbuntáiste is fearr go heacnamaíoch agus gan coinbhleachtaí leasa a bheith ann:

a) ní chumhdaítear príomhchúraimí na gníomhaíochta leis an bhfochonraitheoireacht;

b) maidir le dul ar iontaoibh fochonraitheoireachta, tá bonn cirt leis i ngeall ar chineál na gníomhaíochta agus na nithe a bhfuil gá leo lena cur chun feidhme;

c) tá costais mheasta na fochonraitheoireachta inaitheanta go soiléir sa bhuiséad measta;

d) maidir le haon dul ar iontaoibh fochonraitheoireachta, mura ndéantar foráil ina leith sa tuairisc ar an ngníomhaíocht, cuireann an tairbhí an méid sin in iúl agus déanann an Coimisiún é a fhormheas. Féadfaidh an Coimisiún formheas a thabhairt sna cásanna seo a leanas:

   (i) roimh aon dul ar iontaoibh fochonraitheoireachta, má iarrann na tairbhithe leasú a chur i bhfeidhm

   (ii) i ndiaidh dul ar iontaoibh fochonraitheoireachta sna cásanna seo a leanas:

   - má tá bonn cirt sonrach leis an bhfochonraitheoireacht sa tuarascáil eatramhach, nó sa tuarascáil theicniúil chríochnaitheach agus
   - mura dtugtar leis athruithe ar an gcomhaontú deontais lena gcaithfí amhras ar an gcinneadh lenar dámhadh an deontas nó a bheadh contrártha don chóir chomhionann d'iarratasóirí;

e) déanfaidh na tairbhithe a áirithiú i dtaca le coinníollacha áirithe is infheidhme maidir leis an tairbhí féin, ar coinníollacha iad a áirítear sa chomhaontú deontais (e.g. infheictheacht, rúndacht, etc.), go mbeidh siad infheidhme maidir leis na fochonraitheoirí freisin.

---

4 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 65-242)

5 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis atá ag feidhmiú sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 243-374)

d) **Tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe**

Ní fhéadfar foráil a dhéanamh sna hiarratais maidir le soláthar tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe.

## 12. POIBLÍOCHT

### 12.1. Ó na tairbhithe

Ní mór do thairbhithe ranníocaíochtaí an Aontais Eorpaigh a aithint go soiléir i ngach foilseachán nó i gcomhar le gníomhaíochtaí dá n-úsáidtear an deontas.

Sa chaoi seo, ní mór do thairbhithe tosaíocht a thabhairt d'ainm agus d'fheathal an Choimisiúin Eorpaigh ar a gcuid foilseachán uile, a gcuid póstaer, a gcláir agus táirgí eile agus le linn gníomhaíochtaí gaolmhara (comhdhálacha agus seimineáir, agus eile.) a cuireadh i bhfeidhm faoin tionscadal cómhaoinithe.

Chun é seo a dhéanamh, caithfear an méid seo a leanas a úsáid:

- an téacs: 'Le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach'
- an feathal atá ar fáil ag https://european-union.europa.eu/principles-countries-history/symbols/european-flag_ga
- na séantaí seo a leanas:

  ***I gcomhair foilseachán i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach:***
  'Cuireadh an foilseachán seo le chéile le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach. Is é <ainm an údair/an pháirtí>, agus iadsan amháin, atá freagrach as inneachar an fhoilseacháin agus ní gá gur léiriú é ar thuairimí an Aontais Eorpaigh'

  ***I gcomhair suíomhanna gréasáin agus cuntas meáin shóisialta:***
  'Cruthaíodh an <suíomh gréasáin/cuntas> seo agus rinneadh é a chothabháil le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach. Is é <ainm an údair/an pháirtí>, agus iadsan amháin, atá freagrach as an inneachar agus ní gá gur léiriú é ar thuairimí an Aontais Eorpaigh'

  ***I gcomhair físeán agus ábhar closamhairc eile:***
  'Léiríodh an <físeán/clár/taifeadadh> seo le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach. Is é <ainm an údair/an pháirtí>, agus iadsan amháin, atá freagrach as an inneachar agus ní gá gur léiriú ceart é ar thuairimí an Aontais Eorpaigh'.

Mura gcomhlíonfar an ceanglas seo ina iomláine, féadfar deontas an tairbhí a laghdú i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe deontais.

### 12.2. Ón gCoimisiún

Seachas scoláireachtaí a íoctar le daoine nádúrtha agus tacaíocht dhíreach eile a íoctar le daoine nádúrtha is mó atá ina gátar, foilseofar an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis na deontais arna ndámhachtain le linn bliana airgeadais ar shuíomh gréasáin institiúidí an Aontais tráth nach déanaí ná 30 Meitheamh den bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais inar dámhadh na deontais.

Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas:

- ainm an tairbhí;

- seoladh an tairbhí nuair is duine dlítheanach é an tairbhí, réigiún an tairbhí nuair is duine nádúrtha é, mar a shainmhínítear ar leibhéal 2 d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh[6] (NUTS) má tá sainchónaí air/uirthi laistigh den Aontas nó a choibhéis má tá sainchónaí air/uirthi lasmuigh den Aontas;
- ábhar an deontais;
- an méid arna dhámhachtain.

Ar iarraidh réasúnaithe agus chuí-réasúnaithe a fháil ón tairbhí, déanfar an foilsiú a tharscaoileadh i gcás inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine aonair lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na dtairbhithe.

## 13. SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL

Tá taifeadadh agus próiseáil sonraí i gceist maidir le freagra a thabhairt ar aon ghlao ar thograí (amhail ainm, seoladh agus CV). Déanfar sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 maidir le cosaint daoine nádúrtha i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. Mura léirítear a mhalairt, na ceisteanna agus sonraí pearsanta a iarrtar chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas i gcomhréir leis an nglao ar thograí, déanfaidh AS REGIO – Aonad Bainistíochta Buiséid agus Airgeadais iad a phróiseáil chun na críche sin amháin.

Má tharlaíonn don tairbhí a bheith i gceann de na cásanna a luaitear in Airteagail 136 agus 141 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, is féidir go gcláróidh an Coimisiún sonraí pearsanta an iarratasóra sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh[7]. Má tá tuilleadh faisnéise uait, féach an Ráiteas Príobháideachais ag:

https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/data-protection-public-procurement-procedures_ga.

## 14. NÓS IMEACHTA UM THOGRAÍ A CHUR ISTEACH

Ní mór tograí a chur isteach faoin sprioc-am a leagtar amach faoi roinn 3.

Ní cheadaítear an t-iarratas a athrú in aon chaoi nuair atá an sprioc-am thart. Má tá gá le gnéithe áirithe a shoiléiriú, áfach, nó le botúin chléireachais a réiteach, féadfaidh an Coimisiún teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir le linn an phróisis meastóireachta.

Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas i scríbhinn faoi thorthaí an phróisis roghnúcháin.

Iarrtar ar iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach trí ríomhphoist chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: CALL-JOURNALISM-SCHOOLS@ec.europa.eu

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 105/2007 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2007 lena leasaítear na hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh a bhunú (NUTS), IO L 39, 10.2.2007, lch. 1.

7 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32018R1046

Ní mór gach doiciméad a sholáthar i **bhformáid PDF** (**ní ghlactar le formáid pdf.p7m, ná le nasc chuig Drive ná WeTransfer ná aon ardán eile**). Ní mór an buiséad measta a sholáthar freisin i **bhformáid Excel**.

Tabhair do d'aire go bhfaighidh tú freagra uathoibríoch lena ndeimhnítear go bhfuiltear i ndiaidh an t-iarratas a fháil agus tiocfaidh fógra admhála oifigiúil ina dhiaidh sin nuair a osclófar na tograí.

Tabhair do d'aire freisin gur é **25 MB** uasmhéid na ríomhphost a nglactar leo. Murar leor ríomhphost amháin chun na doiciméid uile a bhfuil gá leo a sheoladh, féadfaidh na hiarratasóirí níos mó ná ríomhphost amháin a sheoladh agus ba cheart uimhir a chur ar na ríomhphoist ansin.

Sa chás go mbeidh roinnt ríomhphost seolta agat, tabhair do d'aire nach bhfaighidh tú ach fógra admhála amháin.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirfear isteach tríd an bpost nó trí fhacs.

➢ **Teagmhálaithe**

Is féidir aon cheist a bhaineann leis an nglao seo a chur chuig REGIO-CONTRACTS@ec.europa.eu. Chun a chinntiú go ndéanfar aon cheist a láimhseáil go héifeachtúil, léirítear go soiléir tagairt an ghlao seo ar thograí san ábhar nó i dtéacs an ríomhphost le do thoil.

Foilseofar freagraí na gceist a chuirtear isteach sa liosta ceist agus freagraí ag https://ec.europa.eu/regional_policy/en/newsroom/funding-opportunities/calls-for-proposal/ chun cóir chomhionann a áirithiú le haghaidh na n-iarratasóirí ionchasacha uile. Is féidir le hiarratasóirí ceisteanna a chur chuig an seoladh thuasluaite tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an sprioc-am chun tograí a chur isteach.

➢ **Iarscríbhinní:**

- Foirm iarratais
- Seicliosta na ndoiciméad atá le soláthar
- Comhaontú samplach deontais

## Aguisín

## Coinníollacha sonracha i gcomhair costas pearsanra

### 1. Ríomh

Na bealaí chun costais phearsanra dhíreacha incháilithe a ríomh a leagtar síos i bpointí (a) agus (b) thíos, moltar iad a úsáid agus glactar leo mar dhearbhú gur costais iarbhír na costais a dearbhaíodh.

Féadfaidh an Coimisiún glacadh le modh eile chun costais phearsanra a ríomh ón tairbhí, má mheasann an Coimisiún go bhfuil dearbhú ann ar leibhéal leormhaith gur costais iarbhír na costais a dearbhaíodh.

**a) i gcomhair daoine a oibríonn ar an ngníomhaíocht amháin:**

{*ráta míosúil an duine*

*arna iolrú faoi*

*an líon míonna iarbhír a bhíothas ag obair ar an ngníomhaíocht*}

Ní fhéadfar na míonna a dearbhaíodh maidir leis na daoine seo a dhearbhú i gcomhair aon deontais eile ón Aontas nó ó Euratom.

Déanfar an **ráta in aghaidh na míosa** a ríomh mar seo a leanas:

{*costais phearsanra bhliantúla an duine*

*roinnte ar 12*}

ag úsáid na gcostas pearsanra le haghaidh gach bliana airgeadais iomláine a chumhdaítear leis an tréimhse tuairiscithe lena mbaineann.

Mura bhfuil deireadh le bliain airgeadais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ní mór do na tairbhithe ráta míosúil na bliana airgeadais deiridh a dúnadh agus atá ar fáil;

**b) i gcomhair daoine atá ag obair ar an ngníomhaíocht go páirtaimseartha**

(i) Má shanntar an duine don ghníomhaíocht ar ráta seasta *pro-rata* dá chuid am oibre:

{*ráta míosúil an duine arna iolrú faoin mbonn pro-rata a shanntar don ghníomhaíocht*

*arna iolrú faoi*

*an líon míonna iarbhír a bhíothas ag obair ar an ngníomhaíocht*}

An t-am oibre *pro-rata* a dearbhaíodh maidir leis na daoine seo, ní fhéadfar é a dhearbhú i gcomhair aon deontais eile ón Aontas nó ó Euratom.

Déanfar an ráta in aghaidh na míosa a ríomh mar atá thuas.

(ii) I gcásanna eile:

*{ráta an duine in aghaidh na huaire arna iolrú faoin líon uaireanta iarbhír a bhíothas ag obair ar an ngníomhaíocht}*

*nó*

*{ráta an duine in aghaidh an lae arna iolrú faoin líon laethanta iarbhír a bhíothas ag obair ar an ngníomhaíocht}*

(déanfar an líon laethanta a shlánú suas nó síos go dtí an leathlá is gaire)

Ní mór an líon uaireanta iarbhír/líon laethanta iarbhír a dearbhaíodh do dhuine a bheith inaitheanta agus infhíoraithe.

An líon uaireanta iomlán/an líon laethanta iomlán a dearbhaíodh i ndeontais ón Aontas nó ó Euratom, i gcomhair duine le haghaidh bliana, ní fheadfaidh an líon sin a bheith níos airde ná na huaireanta táirgiúla bliantúla/laethanta táirgiúla bliantúla a úsáideadh chun an ráta in aghaidh na huaire/in aghaidh an lae a ríomh. Mar sin, is iad seo a leanas an t-uaslíon uaireanta/laethanta ar féidir leo a dhearbhú le haghaidh an deontais:

*{an líon uaireanta táirgiúla bliantúla/laethanta táirgiúla bliantúla le haghaidh na bliana (féach thíos)*

*lúide*

*an líon uaireanta agus laethanta iomlána a dhearbhaigh an tairbhí, i gcomhair an duine sin le haghaidh na bliana sin, i gcomhair deontas eile ón Aontas nó ó Euratom.*

Déanfar an '**ráta in aghaidh na huaire/in aghaidh an lae'** a ríomh mar seo a leanas:

*{costais phearsanra bhliantúla an duine*

*roinnte ar*

*an líon uaireanta táirgiúla bliantúla aonair/laethanta táirgiúla bliantúla aonair}* ag úsáid na gcostas pearsanra agus an lín uaireanta táirgiúla bliantúla aonair/laethanta táirgiúla bliantúla aonair le haghaidh gach bliana airgeadais iomláine a chumhdaítear leis an tréimhse tuairiscithe lena mbaineann.

Murar dúnadh bliain airgeadais faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe, ní mór do na tairbhithe an ráta in aghaidh na huaire/in aghaidh an lae a úsáid ón mbliain airgeadais deiridh a dúnadh agus atá ar fáil.

Is é an 'líon uaireanta táirgiúla bliantúla aonair/laethanta táirgiúla bliantúla aonair' na huaireanta iarbhír iomlána /na laethanta iarbhír iomlána a bhíothas ag obair an bhliain sin. Ní fhéadfar laethanta saoire agus neamhláithreachtaí eile (amhail saoire bhreoiteachta, saoire mháithreachais, saoire speisialta, etc) a bheith san áireamh. Féadfar

ragobair agus am a chaitear i gcruinnithe, seisiúin oiliúna agus le linn gníomhaíochtaí comhchosúla eile a áireamh, áfach.

**2. Doiciméadacht chun tacú le costais phearsanra a dearbhaíodh mar chostais iarbhír**

Maidir le **daoine atá ag obair ar an ngníomhaíocht amháin**, i gcás ina ndéantar na costais phearsanra dhíreacha a ríomh mar a léirítear i **bpointe (a),** níl aon ghá taifid ama a choimeád, má shíníonn an tairbhí **dearbhú** lena ndeimhnítear go raibh na daoine lena mbaineann ag obair ar an ngníomhaíocht amháin.

Maidir le **daoine a shanntar don ghníomhaíocht ar bhonn *pro-rata* dá gcuid ama oibre**, i gcás ina ndéantar na costais phearsanra dhíreacha a ríomh mar a léirítear i **bpointe (b)(i)**, níl aon ghá taifid ama a choimeád, má shíníonn an tairbhí dearbhú lena ndeimhnítear go raibh na daoine lena mbaineann ag obair ar an ngníomhaíocht ar an mbonn *pro-rata*.

Maidir le **daoine atá ag obair ar an ngníomhaíocht go páirtaimseartha**, i gcás ina ndéantar na costais phearsanra dhíreacha a ríomh mar a léirítear i **bpointe (b)(ii)**, ní mór do na tairbhithe taifid ama a choimeád le haghaidh líon na n-uaireanta/na laethanta a dearbhaíodh. Ní mór do na taifid ama a bheith i scríbhinn agus na daoine atá ag obair ar an ngníomhaíocht agus a maoirseoirí, ní mór dóibh na taifid a fhormheas, ar bhonn míosúil ar a laghad.

In éagmais taifid ama iontaofa ar na huaireanta a bhíothas ag obair ar an ngníomhaíocht, féadfaidh an Coimisiún glacadh le fianaise tacaíochta mhalartach ar an líon uaireanta/laethanta an chloig a dearbhaíodh má mheasann sé go bhfuil leibhéal leordhóthanach ráthaíochta ag roinnt léi.